



An
Bord
Pleanála

**Treoir do theorainneacha ama,
tréimhsí do chinntí agus
dár seirbhísí uile um Nollaig 2021
agus in Athbhliain 2022**

Samhain 2021



Maidir leis an treoir seo

Gheofar eolas sa treoir seo mar gheall ar:

- tréimhse na Nollag 2021 agus na hAthbhliana 2022 in An Bord Pleanála,
- an difear a d'fhéadfadh saoire naoi lá na Nollag agus na hAthbhliana (ón 24 Nollaig go 1 Eanáir go huile) a dhéanamh duit ó thaobh achomharc, iarratas, tuairimí, aighneachtaí a chur isteach chugainn agus an t-am a thógfaidh sé ar an mBord cinntí a dhéanamh,
- dhá riail thábhachtacha maidir le teorainneacha ama agus tréimhsí ama um Nollaig agus san Athbhliain agus samplaí d'oibriú na rialacha agus an tionchar a bheidh acu ar chásanna,
- ár n-uaireanta oscailte sa tréimhse agus cathain is féidir leat féachaint ar cháschomhaid chinnte.

Ar lgh. 17 go 19 den treoir seo, tá táblaí áisiúla a chabhróidh leat an lá deiridh le hachomharc a dhéanamh ar chinneadh pleanála um Nollaig agus san Athbhliain. Tá samplaí tugtha againn a chabhróidh leat na dátaí a bhaineann le do chás féin a oibriú amach.

Is mar eolas ginearálta agus áis chúnaimh amháin a fhoilsítear an treoir seo. Ní léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht é. Ní mór do léitheoirí na forálacha reachtúla a cheadú maidir lena gcás áirithe féin agus sainchomhairle dlí a fháil más gá.

Cosaint Sonraí

Ní úsáideann an Bord Pleanála do shonraí pearsanta ach amháin chun ár seirbhísí a sholáthar agus ár ndualgais dlíthiúla a chomhlíonadh. Scaipfear aon sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil dúinn ar pháirtithe ábhartha eile agus cuirfear ar fáil san fhearann poiblí iad mar gheall ar cheist ar bith a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Phleanála.

Gheofar ár ráitis iomlána beartais ar Chosaint Sonraí le léamh ag

<https://www.pleanala.ie/ga-ie/privacy>

Ár n-uaireanta oscailte Nollaig 2021 agus Athbhliain 2022

Dé Luain	20 Nollaig	9.15am - 5.30pm
Dé Máirt	21 Nollaig	9.15am - 5.30pm
Dé Céadaoin	22 Nollaig	9.15am - 5.30pm
Déardaoin	23 Nollaig	9.15am - 5.30pm
Dé hAoine	24 Nollaig	9.15am - 5.30pm

Dé Luain	27 Nollaig	Dúnta 🌲
Dé Máirt	28 Nollaig	Dúnta 🌲
Dé Céadaoin	29 Nollaig	Dúnta 🌲
Déardaoin	30 Nollaig	9.15am – 5.30pm
Dé hAoine	31 Nollaig	9.15am – 5.30pm

Dé Luain	3 Eanáir	Dúnta 🌲
Dé Máirt	4 Eanáir	9.15am - 5.30pm



COVID-19

Gheobhaidh tú an scéala is déanaí faoi shrianta COVID-19 agus An Bord Pleanála ar ár láithreán gréasáin ag <https://www.pleanala.ie/ga-ie/covid-19/covid-19-general-information>

Clár

Maidir leis an treoir seo	2
Ár n-uaireanta oscailte Nollaig 2021 agus Athbhliain 2022	3
Clár	4
Téarmaí	5
Tús Eolais	9
1. Riail na tréimhse saoire	10
2. Riail an deireadh seachtaine	12
An mbaineann an dá riail seo le gach cás a láimhseálann An Bord Pleanála?	12
Cásanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.....	13
Cad leo a mbaineann riail na tréimhse saoire agus riail an deireadh seachtaine araon?	13
Cad a tharlaíonn idir 24 Nollaig agus 1 Eanáir?	13
An féidir míreanna a chur isteach nó a sheachadadh chuig an mBord Pleanála i dtréimhse na Nollag agus na hAthbhliana?	13
Féilire áisiúil de na dátaí deiridh chun achomharc pleanála a dhéanamh (Samhain 2021 go hEanáir 2022).....	17
Cásanna bunaithe ar na hAchtanna um Rialú Tógála agus na hAchtanna um Thruailliú Uisce	20
Tréimhse ama chun cásanna a chinneadh	21
1. Cásanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt	21
Trí shampla de chásanna pleanála	21
2. Cásanna faoi na hAchtanna um Rialú Tógála agus faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce	23
Féachaint ar Chomhad Cáis atá Socraithe: Rochtain Poiblí	23
Tuilleadh eolais faoi do chás	23
Reachtaíocht.....	24
Déan teagmháil linn	25

Téarmaí

Tá cuid de na téarmaí a úsáidtear sa treoir seo liostaithe thíos. Molaimid duit iad a sheiceáil agus tú ag léamh na treorach seo:

Achomharc	Athbhreithniú ar an gcinneadh bunaidh a rinne údarás pleanála ar iarratas pleanála.
Achomharcóir	Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann achomharc
Iarratasóir	Duine aonair nó eagraíocht a chuireann iarratas pleanála isteach chuig údarás pleanála.
Measúnú Oiriúnachta	Scrúdú ar phlean nó ar thionscadal féachaint an mbeadh tionchar diúltach aige ar shuíomh atá faoi chosaint faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón AE. (Seo treoir faoin fhiadhúlra agus faoi chaomhnú an dúlra).
Bord	Bord an Bhoird Pleanála.
Údarás rialála tógála	An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as rialú tógála ina cheantar.
Neamhbhailí	Ní chomhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneofaí mar chás é.
Tionscadail údaráis áitiúil	Iarratais a dhéanann údarás áitiúil go díreach chuig an mBord Pleanála ar chead pleanála maidir le forbairt atá beartaithe a dhéanamh ag nó thar ceann údarás áitiúil. Samplaí is ea oibreacha tuilte, tionscadail do bhóithre beaga agus tithíocht. Áirítear ar thionscadail údaráis áitiúil ceannach éigeantach talún, mar shamplaí orduithe ceannaigh éigeantaigh.

Taiscthe, le taisceadh	Rud éigin a thabhairt nó a chur isteach chuig an mBord Pleanála.
Tuairim	Doiciméad a chuireann Breathnóir isteach chuig an mBord Pleanála.
Breathnóir (Achomhairc)	Duine ar bith, seachas an t-iarratasóir, údarás pleanála nó achomharcóir a thráchtann ar achomharc (féach Tuairim , leis)
Breathnóir (Iarratais)	Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir, a thráchtann ar iarratas (Féach Aighneacht , leis).
Éisteacht ó bhéal	Cruinniú poiblí chun gur féidir gach saincheist a bhaineann leis an iarratas a phlé agus a scrúdú.
Údarás pleanála	An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as pleanáil ina cheantar.
Tarchur maidir le pointe mioneolais	I gcásanna áirithe, is féidir go n-iarrfar ar an mBord i dtarchur maidir le pointe mioneolais cinneadh a dhéanamh i gcás nuair nach féidir leis na páirtithe ann teacht ar réiteach (féach Tarchur (alt 5) leis)).
Tarchur (alt 5)	Cás ina gcinneann an Bord cibé an gá cead pleanála i gcás togra, nó nach gá (féach freisin Tarchur ar phointe mioneolais)
Reachtúil	Rud éigin a shocraítear, a bhunaítear nó a rialaítear le dlí reachtach. Dlí a achtaíonn an pharlaimint is ea dlí reachtach.

Fógra reachtúil	<p>Eolas a cheanglaítear orainn faoin dlí a sheoladh chugat nó a chur ar fáil don phobal. Is féidir go n-inseodh fógra reachtúil rud éigin duit faoi chás. Nó is féidir:</p> <ul style="list-style-type: none"> • go dtabharfadh sé deis duit do thuairim a thabhairt, nó • go n-iarrfadh sé ort nó go gceanglódh sé ort rud éigin a dhéanamh. <p>Mar shampla, is féidir go dtabharfadh sé deis duit do thuairim a thabhairt ar eolas atá faighte againn.</p>
Spríoctréimhse reachtúil	<p>An tréimhse ama le cinneadh a dhéanamh ar chás. Is é an tréimhse ama seo an sprioc a thugtar don Bhord faoin dlí, ag brath ar chineál an cháis. Mar shampla, is é 18 seachtaine an Spríoctréimhse Reachtúil in aomhairc phleanála. I gcásanna áirithe, ní shocraítear aon spríoctréimhse de réir dlí.</p>
Ceanglais reachtúla	<p>Ceanglais faoin dlí le go mbeadh cás bailí.</p>
Forbairt tithíochta straitéisí (FST)	<p>Seoltar iarratais ar chead pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás forbairtí áirithe tithíochta.</p>
Forbairt bonneagair straitéisigh (FBS)	<p>Seoltar iarratais ar chead pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás mórfhorbairtí bonneagair de chuid údaráis áitiúil agus údaráis eile.</p>
Aighneacht	<p>Doiciméad maidir le hachomharc nó iarratas a bhféadfadh míreanna tacaíochta ar nós grianghraf, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil a bheith san áireamh ann. (Is féidir doiciméad clóscríofa nó lámhscríofa a chur ar fáil.)</p>

Toiliú Ionaid	Iarratas ar chead a dhéantar go díreach chuig an mBord Pleanála maidir le forbairt a rinneadh cheana agus ar chóir aon cheann nó níos mó de na measúnaithe seo a leanas a dhéanamh ina leith – rud nach ndearnadh: <ul style="list-style-type: none"> • Measúnú Tionchair Timpeallachta, • Cinneadh ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta, • Measúnú Oiriúnachta.
Bailí	Comhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneofaí mar chás é.
Muidne, ár, sinne	An Bord Pleanála.
Tusa	Tusa mar dhuine, cuideachta, grúpa, eagraíocht nó údarás Stáit.

Tús Eolais

Um Nollaig 2021 agus in Athbhliain 2022, beidh An Bord Pleanála **dúnta** ar feadh ceithre lá. Is iad na laethanta sin:

- Dé Luain 27 Nollaig 2021 🌲
- Dé Máirt 28 Nollaig 2021 🌲,
- Dé Céadaoin 29 Nollaig 2021 🌲, agus
- Dé Luain 3 Eanáir 2022 🌲.

Glacfar le hachomhairc, iarratais, tarchuir, tuairimí agus aighneachtaí ar na laethanta ar a mbeimid ar oscailt agus is féidir éisteachtaí ó bhéal a iarraidh. Is féidir leat féachaint ar cháschomhaid chinnte san oifig anseo, agus beidh an fhoireann ar fáil le haon cheist atá agat a fhreagairt.

Déanfaidh an tsaoire idir 24 Nollaig agus 1 Eanáir difear do:

- na teorainnacha ama chun doiciméid a sheoladh nó a sheachadadh chugainn,
- an tréimhse ama atá ag an mBord chun do chás a chinneadh, agus
- na teorainneacha ama i litreacha fógra reachtúil a d'fhéadfadh a bheith curtha againn chugat.

Sula míneoimid an méid a tharlóidh idir 24 Nollaig agus 1 Eanáir go huile (naoi lá), ní mór dúinn **dhá riail thábhachtacha** a mhíniú, a mbíonn tionchar acu ar theorainneacha agus ar thréimhsí ama. Is iad sin:

1. **riail na tréimhse saoire**, agus
2. **riail an deireadh seachtaine**.

Mínítear na rialacha seo ar leathanaigh 10 go 12.

1. Riail na tréimhse saoire

Faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, seo a leanas tréimhse saoire na naoi lá (scáthaithe sa phictiúr féilire thíos):

- 24 Nollaig
- 25 Nollaig
- 26 Nollaig
- 27 Nollaig
- 28 Nollaig
- 29 Nollaig
- 30 Nollaig
- 31 Nollaig
- 1 Eanáir

Nollaig 2021 - Eanáir 2022

Domh	Luan	Mairt	Céad	Déar	Aoine	Sath
			1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	1
2	3	4	5	6	7	8

Beimid **ar oscailt** trí lá le linn na tréimhse saoire:

- 24 Nollaig
- 30 Nollaig
- 31 Nollaig

Nóta: Cé go mbeimid ar oscailt na laethanta seo, **beidh** feidhm ag riail na tréimhse saoire a thugtar thíos.

Riail na tréimhse saoire agus teorainneacha ama don phobal.

Más mian leat nó má dhlítear ort aon cheann díobh seo:

- achomharc,
- iarratas,
- tuairim,
- iarraidh,
- aighneacht, nó
- rud ar bith eile

a chur isteach chuig an mBord Pleanála ar aon cheann de na naoi lá seo, beidh **naoi lá bhreise agat tar éis an dáta dlite** le do mhír a sheoladh isteach **nó** a thabhairt isteach de láimh.

Sampla: má dhéanann údarás pleanála cinneadh ar chás Dé Céadaoin, 1 Nollaig, chaithfeadh achomharc a bheith déanta de ghnáth Dé Máirt, 28 Nollaig. Ceann de laethanta na tréimhse saoire é sin, mar sin cuirtear naoi lá leis an dáta sin a fhágann gurb é **Déardaoin, 6 Eanáir** an dáta deiridh nua d'achomharc.

Nollaig 2021 - Eanáir 2022

Domh	Luan	Mairt	Céad	Déar	Aoine	Sath
			1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	1
2	3	4	5	6	7	8

An difear a dhéanann riail na tréimhse saoire do theorainneacha ama maidir leis an mBord Pleanála.

Tá sé de sprioc ag an mBord cinntí a dhéanamh laistigh de 18 seachtaine ón uair a fhaightear cás. An ‘**spriochtréimhse reachtúil**’ a thugtar air sin.

Rialaíonn riail na tréimhse saoire an spriochtréimhse reachtúil seo ó thaobh an Bhoird, de bhrí go dtugann sé níos mó ná an gnáth-18 seachtaine dó chun cinneadh a dhéanamh. Ag brath ar an lá sa tréimhse saoire a raibh cinneadh an Bhoird le déanamh, cuirfead **idir lá amháin agus naoi lá bhreise** leis an tréimhse chun an cinneadh a dhéanamh.

Sampla: Má bhí cinneadh le déanamh ar an 29 Nollaig, cuirfead sé lá bhreise leis an tréimhse saoire de bhrí gur ceann de laethanta na tréimhse saoire é an 29 Nollaig. Beidh an cinneadh le déanamh anois faoin **Dé hAoine 7 Eanáir**.

Má tá an Bord le cinneadh a dhéanamh tar éis thréimhse na Nollag agus na hAthbhliana ar chás, ach go mbeidh an tréimhse saoire san áireamh sna 18 seachtaine de spriochtréimhse reachtúil, cuirfead naoi lá bhreise leis an spriochtréimhse a bheidh ag an mBord leis an gcinneadh a dhéanamh (féach Sampla 1 ar lch 21 agus Sampla 2 ar lch 22).

2. Riail an deireadh seachtaine

Más Satharn, Domhnach, lá saoire poiblí nó lá eile nuair a bhíonn an oifig dúnta an lá deiridh ar ar féidir linn glacadh le doiciméid, is féidir linn glacadh leo suas le 5.30 tráthnóna ar an **gcéad** lá oibre eile a mbíonn an oifig ar oscailt.

Sampla: má cheanglaítear ort rud éigin a sheoladh nó a thabhairt de lámh dúinn Dé Sathairn 8 Eanáir, ní bheidh ar do chumas é a chur chugainn nó a sheachadadh go dtí **Dé Luain 10 Eanáir**.

An mbaineann an dá riail seo le gach cás a láimhseálann An Bord Pleanála?

Agus teorainneacha ama um Nollaig 2021 agus san Athbhliain á ríomh, braitheann na rialacha a bheidh i bhfeidhm ar an Acht lena mbaineann, mar a fheicfear sa tábla thíos.

Faoi na:	Is iad na rialacha a bhaineann leis na cásanna seo ...
hAchtanna Pleanála agus Forbartha riail na tréimhse saoire agus riail an deireadh seachtaine – san ord sin. (Féach sampla 1 ar lch. 15 nó sampla 3 ar lch. 17 (thréimhsí).)
hAchtanna um Rialú Foirgníochta agus um Thruailliú Uisce riail an deireadh seachtaine amháin .

Leagtar amach sna leathanaigh seo a leanas an tslí a gcuirtear riail na tréimhse saoire agus riail an deireadh seachtaine i bhfeidhm i gcásanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (leathanaigh 13 go 19). Gheofar féilire úsáideach ar leathanaigh 17 go 19. Ina dhiaidh, leagtar amach an tslí a mbaineann riail an deireadh seachtaine amháin leis na hAchtanna um Rialú Foirgníochta agus na hAchtanna um Thruailliú Uisce (ar lch. 20).

Cásanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt

Cad leo a mbaineann riail na tréimhse saoire agus riail an deireadh seachtaine araon?

Tá feidhm ag an dá riail más mian leat aon cheann díobh seo a dhéanamh:

- [achomharc pleanála](#),
- [tarchur](#),
- [tuairim](#) ar achomharc nó tuairim ar iarratas reatha,
- [aighneacht maidir le doiciméid](#) atá curtha againn chugat,
- iarratas ar [éisteacht ó bhéal](#),
- iarratas ar réamhchomhairliúchán nó iarratas ar:
 - [Forbairt Bonneagair Straitéisigh](#)
 - [Forbairt Tithíochta Straitéisí](#)
 - [Tionscadal Údaráis Áitiúil](#)
- iarratas, achomharc nó iarraidh maidir le haon fheidhm eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, mar shampla:
 - [Toiliú Ionaid](#)
 - [Measúnú Oiriúnachta](#)

Cad a tharlaíonn idir 24 Nollaig agus 1 Eanáir?

Idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir, beidh feidhm ag riail na tréimhse saoire maidir le teorainneacha ama agus tréimhsí ama. Beidh feidhm ag riail an deireadh seachtaine, **leis**, más Satharn nó Domhnach é an lá deiridh athcheartaithe.

An féidir míreanna a chur isteach nó a sheachadadh chuig an mBord Pleanála i dtréimhse na Nollag agus na hAthbhliana?

Is féidir, ar na laethanta a mbeimid ar oscailt um Nollaig agus san Athbhliain – Dé hAoine 24 Nollaig, Déardaoin 30 Nollaig agus Dé hAoine 31 Nollaig. **Ní gá** duit fanacht go dtí tar éis na tréimhse saoire chun do mhír a sheoladh nó a sheachadadh. **Ní mór duit** cloí le gach riachtanas reachtúil chun achomharc, iarratas, tuairim, iarraidh nó aighneacht bhailí a dhéanamh. Ciallaíonn sé sin gur gá duit an [treoir ábhartha](#) a sheiceáil go cúramach.



Nóta tábhachtach 1

Ná cuir d'achomharc, d'iarratas, do thuairim, ná d'iarraidh i mbosca litreacha na hoifige agus **ná seol** ríomhphost chugainn nó beidh d'achomharc, d'iarratas, do thuairim nó d'iarraidh **neamhbhailí**.

Iarraimid ar an bpobal **gan a dtuairimí** a chur i mbosca litreach na hoifige nó é a chur chugainn le ríomhphost.

I gcás **aighneachtaí ar dhoiciméid achomhairc** atá faighte agat uainn, lean an chomhairle a thugtar sa litir a fuair tú uainn nó iarr tuilleadh cabhrach orainn.

Ba chóir do m'achomharc a bheith faighte Dé hAoine 31 Nollaig 2021 agus sin ceann de na laethanta ar a mbeidh an oifig ar oscailt i dtréimhse na saoire. An gciallaíonn sé sin go gcaithfidh an t-achomharc a bheith istigh ar an dáta sin? Ní chiallaíonn. Bíodh is go mbeimid ag obair ar an 24, an 30 agus an 31 Nollaig, tabharfar breis ama faoi riail na tréimhse saoire d'aon duine a bhí le hachomharc (nó aon cheann de na míreanna a liostaítear ar leathanach 13) a chur isteach ar na dátaí sin. Féachtar ar na trí lá sin mar laethanta saoire nuair a chuirtear an riail i bhfeidhm. Mar sin, má bhí achomharc le fáil againn uait Dé hAoine 31 Nollaig 2021, ní bheidh sé le cur isteach agat anois go dtí an **Luan 10 Eanáir 2022**.



Nóta tábhachtach 2

Tá sé an-tábhachtach, mar sin féin, a chur san áireamh gurb é seo **an t-aon uair sa bhliain** a thugtar síneadh ama d'achomharc nó do mhír ar bith eile a bhí le fáil againn ar lá oibre nuair a bhímid ar oscailt. Riail na tréimhse saoire **agus é sin amháin** an chúis a cheadaítear é.

Samplaí

Sampla 1

Is mian liom tuairim a thabhairt ar achomharc pleanála. Fuair an Bord Pleanála an t-achomharc deiridh Dé Máirt 7 Nollaig 2021.

Ní mór do thuairim a bheith curtha isteach agat **Dé Céadaoin 12 Eanáir 2022**.

Cén fáth?

1. Má fuarthas an t-achomharc deiridh pleanála Dé Máirt 7 Nollaig 2021 agus más mian leat tuairim a thabhairt, bheadh sé le déanamh laistigh de thréimhse ceithre seachtaine ag críochnú ar an Dé Luain 3 Eanáir 2022 (féach an **X dearg** san fhéilire).
2. Tá naoi lá na thréimhse saoire san áireamh sa thréimhse ceithre seachtaine seo.
3. Cuirimid naoi lá bhreise leis an thréimhse ceithre seachtaine chun tuairim a thabhairt don Bhord Pleanála.
4. An lá deiridh le tuairim a thabhairt dúinn in An Bord Pleanála ná **Dé Céadaoin 12 Eanáir 2022** (féach an **bosca glas** san fhéilire).

Nollaig 2021 - Eanáir 2022

Domh	Luan	Mairt	Céad	Déar	Aoine	Sath
			1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	1
2	3	4	5	6	7	8
9	10	11	12	13	14	15

Sampla 2

Fuair mé cóip d'achomharc ón mBord Pleanála Dé hAoine 17 Nollaig 2021 agus is mian liom aighneacht a dhéanamh maidir leis.

Ní mór an aighneacht a bheith curtha isteach **Dé Luain 24 Eanáir 2022**.

Cén fáth?

1. Má scríobhaimid chugat le cóip d'achomharc Dé hAoine 17 Nollaig a gus más mian leat aighneacht a dhéanamh, bheadh an tréimhse ceithre seachtaine istigh ar an Déardaoin 13 Eanáir 2021 (féach an **dearg X** san fhéilire).
2. Tá naoi lá na tréimhse saoire san áireamh sa tréimhse ceithre seachtaine.
3. Ní mór an aighneacht a bheith faighte naoi lá tar éis Déardaoin 13 Eanáir 2021. Sin Dé Sathairn 22 Eanáir nuair a bheimid dúnta.
4. Tá feidhm ag riail an deireadh seachtaine agus is é **Dé Luain 24 Eanáir 2021** an lá deireanach le haighneacht a dhéanamh de bhrí gurb é an chéad lá oibre eile é ar a mbeidh an oifig ar oscailt (féach an **bosca glas** san fhéilire).

Nollaig 2021 - Eanáir 2022

Domh	Luan	Mairt	Céad	Déar	Aoine	Sath
			1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	1
2	3	4	5	6	7	8
9	10	11	12	13	14	15
16	17	18	19	20	21	22
23	24	25	26	27	28	29

Sa sampla seo, tá feidhm ag riail na tréimhse saoire agus riail an deireadh seachtaine, ceann i ndiaidh a chéile.

Féilire áisiúil de na dátaí deiridh chun achomharc pleanála a dhéanamh (Samhain 2021 go hEanáir 2022)

Taispeánann na táblaí áisiúla thíos conas an lá deiridh d'achomharc a oibriú amach, nuair a dhéanann údarás pleanála cinneadh **ar nó idir** Dé Luain 22 Samhain 2021 agus Dé hAoine 7 Eanáir 2022 (ach gan deirí seachtaine san áireamh). Baineann an tábla seo le riail na tréimhse saoire agus riail an deireadh seachtaine nuair is gá.

Chun an dáta deiridh a fháil le cinneadh ó údarás pleanála a achomharc:

1. Faigh amach an dáta a rinne an t-údarás pleanála a chinneadh ar an iarratas pleanála sa cholún ar chlé den tábla lena mbaineann.
2. Ansin féach trasna ar dheis go bhfeice tú an dáta deiridh le hachomharc a dhéanamh. Beimid ar oscailt idir 9.15 - 5.30 ar an lá a thaispeántar.

Sampla: Taispeánann an chéad tábla thíos cás ina ndéanann an t-údarás pleanála a chinneadh Dé Luain 22 Samhain, a fhágann go mbíonn go dtí Dé Luain 20 Nollaig 2021 agat le hachomharc a dhéanamh.

Déanann údarás pleanála cinneadh ar iarratas pleanála	An dáta deiridh leis an gcinneadh a achomharc chuig an mBord Pleanála
Dé Luain 22 Samhain 2021	Dé Luain 20 Nollaig 2021
Dé Máirt 23 Samhain 2021	Dé Luain 20 Nollaig 2021
Dé Céadaoin 24 Samhain 2021	Dé Máirt 21 Nollaig 2021
Déardaoin 25 Samhain 2021	Dé Céadaoin 22 Nollaig 2021
Dé hAoine 26 Samhain 2021	Déardaoin 23 Nollaig 2021

Déanann údarás pleanála cinneadh ar iarratas pleanála	An dáta deiridh leis an gcinneadh a achomharc chuig an mBord Pleanála
Dé Luain 29 Samhain 2021	Dé Máirt 4 Eanáir 2022
Dé Máirt 30 Samhain 2021	Dé Céadaoin 5 Eanáir 2022
Dé Céadaoin 1 Nollaig 2021	Déardaoin 6 Eanáir 2022
Déardaoin 2 Nollaig 2021	Dé hAoine 7 Eanáir 2022
Dé hAoine 3 Nollaig 2021	Dé Luain 10 Eanáir 2022

Déanann údarás pleanála cinneadh ar iarratas pleanála	An dáta deiridh leis an gcinneadh a achomharc chuig an mBord Pleanála
Dé Luain 6 Nollaig 2021	Dé Máirt 11 Eanáir 2022
Dé Máirt 7 Nollaig 2021	Dé Céadaoin 12 Eanáir 2022
Dé Céadaoin 8 Nollaig 2021	Déardaoin 13 Eanáir 2022
Déardaoin 9 Nollaig 2021	Dé hAoine 14 Eanáir 2022
Dé hAoine 10 Nollaig 2021	Dé Luain 17 Eanáir 2022

Déanann údarás pleanála cinneadh ar iarratas pleanála	An dáta deiridh leis an gcinneadh a achomharc chuig an mBord Pleanála
Dé Luain 13 Nollaig 2021	Dé Máirt 18 Eanáir 2022
Dé Máirt 14 Nollaig 2021	Dé Céadaoin 19 Eanáir 2022
Dé Céadaoin 15 Nollaig 2021	Déardaoin 20 Eanáir 2022
Déardaoin 16 Nollaig 2021	Dé hAoine 21 Eanáir 2022
Dé hAoine 17 Nollaig 2021	Dé Luain 24 Eanáir 2022

Déanann údarás pleanála cinneadh ar iarratas pleanála	An dáta deiridh leis an gcinneadh a achomharc chuig an mBord Pleanála
Dé Luain 20 Nollaig 2021	Dé Máirt 25 Eanáir 2022
Dé Máirt 21 Nollaig 2021	Dé Céadaoin 26 Eanáir 2022
Dé Céadaoin 22 Nollaig 2021	Déardaoin 27 Eanáir 2022
Déardaoin 23 Nollaig 2021	Dé hAoine 28 Eanáir 2022
Dé hAoine 24 Nollaig 2021	Dé Luain 31 Eanáir 2022

Déanann údarás pleanála cinneadh ar iarratas pleanála	An dáta deiridh leis an gcinneadh a achomharc chuig an mBord Pleanála
Dé Luain 27 Nollaig 2021	Dé Luain 31 Eanáir 2022
Dé Máirt 28 Nollaig 2021	
Dé Céadaoin 29 Nollaig 2021	
Déardaoin 30 Nollaig 2021	
Dé hAoine 31 Nollaig 2021	

Déanann údarás pleanála cinneadh ar iarratas pleanála	An dáta deiridh leis an gcinneadh a achomharc chuig an mBord Pleanála
Dé Máirt 4 Eanáir 2022	Dé Luain 31 Eanáir 2022
Dé Céadaoin 5 Eanáir 2022	Dé Máirt 1 Feabhra 2022
Déardaoin 6 Eanáir 2022	Dé Céadaoin 2 Feabhra 2022
Dé hAoine 7 Eanáir 2022	Déardaoin 3 Feabhra 2022

Cásanna bunaithe ar na hAchtanna um Rialú Tógála agus na hAchtanna um Thruailliú Uisce

Déanann laethanta saoire na Nollag agus na hAthbhliana difear d'achomhairc faoi na hAchtanna um Rialú Tógála agus na hAchtanna um Thruailliú Uisce. Tá difríocht thábhachtach idir teorainneacha ama sna cásanna seo agus cásanna a bhain le hachomhairc agus iarratais phleanála. Is é riail an deireadh seachtain an **t-aon riail** a chuirtear i bhfeidhm sna cásanna seo. Ní chuirtear riail na tréimhse saoire i bhfeidhm ar chás faoin na **hAchtanna um Rialú Tógála agus na hAchtanna um Thruailliú Uisce**.

Sampla

Is mian liom achomharc maidir le cinneadh ar theastas sábháilteachta dóiteáin. Rinne an t-údarás um rialú tógála an cinneadh ar an iarratas Dé hAoine 26 Samhain 2021.

Is é **Déardaoin 30 Nollaig 2021** an dáta deireadh le d'achomharc a dhéanamh.

Cén fáth?

1. I gcás cinneadh a rinneadh Dé hAoine 26 Samhain 2021, bheadh an tréimhse míosa istigh Dé Sathairn 25 Nollaig 2021 (féach an **X dearg** san fhéilire).
2. Beimid dúnta Dé Sathairn 25 Nollaig 2021. Úsáidtear riail an deireadh seachtaine agus ní mór an t-achomharc a dhéanamh an chéad lá eile a mbíonn an oifig ar oscailt.
3. Mar sin, ní mór an t-achomharc a bheith faighte Dé Déardaoin 30 Nollaig 2021 (féach an **bosca glas** san fhéilire).

Samhain, Nollaig 2021 - Eanáir 2022

Domh	Luan	Mairt	Céad	Déar	Aoine	Sath
21	22	23	24	25	26	27
28	29	30	1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	1

Tréimhse ama chun cásanna a chinneadh

Tugtar na tréimhsí ama chun na cásanna seo a leanas a chinneadh:

1. Cásanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, agus
2. Cásanna faoi na hAchtanna um Rialú Tógála agus um Thruailliú Uisce (féach bun lch. 23).

1. Cásanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt

I gcásanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, bíonn suas le naoi lá bhreise ag an mBord ar an spriochréimhse reachtúil chun cinneadh a dhéanamh má bhíonn an t-iarraitas leis an mBord Pleanála le linn thréimhse na saoire.

Trí shampla de chásanna pleanála

Sampla 1

Rinne mé achomharc Dé Máirt 24 Lúnasa 2021. Ba é Dé Luain 27 Nollaig 2021 deireadh na spriochréimhse reachtúla (18 seachtaine).

Ba chóir cinneadh a bheith déanta ar d'achomharc **Dé Céadaoin 5 Eanáir 2022**.

Cén fáth?

- Gan an tréimhse saoire, bheadh do chás le cinneadh ag an mBord Dé Luain 27 Nollaig 2021. Mar sin féin, tá seacht lá den tréimhse saoire san áireamh sna 18 seachtaine den spriochréimhse reachtúil leis an gcás seo a chinneadh.
- Cuirtear na cúig lá bhreise seo le deireadh na tréimhse saoire, mar sin is é Dé Céadaoin 5 Eanáir 2022 an dáta nua le d'achomharc a chinneadh.

Sampla 2

Rinneadh an t-achomharc seo Dé Céadaoin 27 Deireadh Fómhair 2021. Bheadh an spriocthréimhse reachtúil istigh Dé Máirt 1 Márta 2022.

Is é **Déardaoin 10 Márta 2022** an dáta ar a gcaithfear an t-achomharc a chinneadh.

Cén fáth?

- Gan an tréimhse saoire, bheadh an cás le cinneadh ag an mBord Dé Máirt 1 Márta 2022. Ach tá naoi lá na tréimhse saoire san áireamh sa spriocthréimhse reachtúil 18 seachtaine chun an cás seo a chinneadh.
- Tá na naoi lá bhreise seo san áireamh i dtréimhse ama an cháis seo, mar sin ní mór an t-achomharc seo a bheith cinnte Déardaoin 10 Márta 2022.

Sampla 3

Rinneadh iarratas tithíocht straitéisí Dé hAoine 15 Deireadh Fómhair 2021 agus bheadh an spriocthréimhse reachtúil 16 seachtaine istigh Déardaoin 3 Feabhra 2022.

Is é **Dé Luain 14 Feabhra 2022** an dáta leis an iarratas a chinneadh.

Cén fáth?

- Gan an tréimhse saoire, bheadh an cás le cinneadh ag an mBord roimh Déardaoin 3 Feabhra 2022. Mar sin féin, tá gach ceann de naoi lá na saoire san áireamh sa spriocthréimhse reachtúil 16 seachtaine chun an cás tithíochta straitéisí seo a chinneadh.
- Tá na naoi lá bhreise saoire seo san áireamh sa spriocthréimhse don chás seo, mar sin is é Dé Luain 14 Feabhra 2022 an lá deiridh leis an gcás a chinneadh. (Tagann an 12 Feabhra naoi lá tar éis an 3 Feabhra agus is Satharn é, mar sin cuirtear riail an deireadh seachtaine i bhfeidhm.)

2. Cásanna faoi na hAchtanna um Rialú Tógála agus faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce

Ní bhíonn feidhm ag rialú na tréimhse saoire i gcásanna faoi na hAchtanna um Rialú Tógála ná faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce. Mar sin, ní dhéanfaidh tréimhse na Nollag nó na hAthbhliana difear don sprioc thréimhse reachtúil agus beidh feidhm i gcónaí ag an gnáth-thréimhse ceithre mhí.

Féachaint ar Chomhad Cáis atá Socraithe: Rochtain Poiblí

Is féidir leat [féachaint ar cháschomhad cinnte](#) tríd an tseirbhís rochtain poiblí um Nollaig agus an Athbhliain ar na laethanta a mbíonn an oifig ar oscailt. Seirbhís saor in aisce í seo.

Más mian leat féachaint ar cháschomhad cinnte, seol ríomhphost chugainn ag publicaccess@pleanala.ie chun am a shocrú chun an comhad nó comhaid a fheiceáil. Tabharfaidh sé sin deis dár bhfoireann an comhad nó an bosca a bheidh ullamh faoi do choinne nuair a thagann tú isteach.

Ciallaíonn na riachtanais scartha sóisialta gur féidir go mbeidh orainn líon na ndaoine a úsáideann na háiseanna léitheoireachta poiblí san oifig a theorannú.

Tuilleadh eolais faoi do chás

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin difear a d'fhéadfadh tréimhse na Nollag agus na hAthbhliana a dhéanamh do chás, déan [teagmháil linn](#). Gheofar ár sonraí teagmhála ar leathanach 26.

Reachtaíocht

Seo iad na dlíthe agus na rialacháin dár tagraíodh sa doiciméad seo:

- [An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 \(leasaithe\)](#)
- [Na Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001 \(leasaithe\)](#)
- [An tAcht um Pleanáil agus Forbairt \(Tithíocht\) agus Tionóntachtaí Cónaithe 2016](#)
- [Na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 go 2014](#)
- [An tAcht Rialtais Áitiúil \(Truailliú Uisce\) 1977](#)
- [Acht na Seirbhísí Uisce 2007](#)

Déan teagmháil linn

Má tá an doiciméad seo uait i bhformáid eile nó má tá eolas eile uait, déan teagmháil leis an mBord Pleanála.

Buail isteach inár n-oifig ag:	An Bord Pleanála
Scríobh chugainn ag:	64 Sráid Mhaoilbhríde Baile Átha Cliath 1 D01 V902
Cuir glao gutháin orainn ag:	(01) 858 8100 nó Glao Áitiúil 1800 275 175
Ríomhphost:	bord@pleanala.ie
Oscail ár suíomh gréasáin:	www.pleanala.ie/index_ga.htm
Seol facs chugainn:	(01) 872 2684

An t-eagrán seo: Samhain 2021